# Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
# FÓGRA LÁITHREÁIN

**An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)**
**Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú) - Cuid 8**

**Iarratasóir: Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, An Roinn Cultúir, Áineasa agus Seirbhísí Eacnamaíochta.**

**Láithreán:** An raon lúthchleasaíochta atá ann cheana ar chúl Ionad Spóirt Donore Harriers, Bóthar Shéipéal Iosóid, Séipéal Iosóid, Baile Átha Cliath, 20.

**Togra:** De bhun na riachtanas a bhaineann lena bhfuil thuasluaite, tugtar fógra leis seo i dtaca leis an uasghrádú a bheartaítear ar an tuilsoilsiú a dhéanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar an raon lúthchleasaíochta atá ann cheana féin ag an suíomh thuas.

Beidh na gnéithe seo a leanas i gceist leis na hoibreacha a bheartaítear:

- An soláthar tuilsoilsithe reatha a bhaint ar shiúl.
- 5 cinn de cholúin tuilsoilsithe LED nua a shuiteáil, críochnaithe le fearais solais, 3 cinn ar 2 cholún acu agus 2 cheann ar 3 cholún acu

Cuirfidh na hoibreacha a dtabharfar fúthu feabhas suntasach ar shábháilteacht agus inúsáideacht an raoin lúthchleasaíochta.

Forbraíodh togra an tionscadail i gcomhar le gach páirtí leasmhar mar chuid de phróiseas deartha rannpháirtíoch oscailte.

Rinneadh Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí i gcomhréir le hAirteagal 6(3) de Threoir um Ghnáthóga (92/43/CEE) ar an togra agus scagthástáil maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta faoi Threoir MTT 2011/92/AE, arna leasú ag Treoir 2014/52/AE.

I gcomhréir le hAirteagal 81 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001, arna leasú, tá cinneadh déanta ag an Údarás Pleanála agus táthar den tuairim go:

(a) Ní dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt atá beartaithe, ina haonar nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile, ar shuíomh Eorpach ná ar shuíomhanna Eorpacha, agus mar sin de, níl gá le Céim 2 de Mheasúnacht Chuí.

(b) Níl aon dóchúlacht cheart ann go n-imreoidh an fhorbairt atá beartaithe tionchar suntasach ar an timpeallacht agus nach bhfuil an fhorbairt atá beartaithe de chaighdeán atá leagtha amach faoi Sceideal 5 de Rialacháin Phleanála agus Forbartha 2001, arna leasú, agus mar sin níl gá le Tuarascáil ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta (EIAR).

Is féidir le haon duine, laistigh den tréimhse 4 seachtaine ó dháta foilsithe an fhógra seo, iarratas a dhéanamh ar an mBord Pleanála deimhniú scagthástála a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht atá ann go n-imreodh an fhorbairt tionchar suntasach ar an timpeallacht.

Féadfar Pleananna agus Mionsonraí na forbartha a bheartaítear a iniúchadh trí choinne, nó a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh, ar feadh tréimhse **4 seachtaine ón 21ú Bealtaine 2024**, le linn uaireanta oscailte poiblí ag oifigí **Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, An**

**Cuntar Poiblí, An Roinn Pleanála agus Forbartha Maoine, Bloc 4, Urlár na Talún, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, Luan go hAoine, 9.00 go 16.30.** Beifear in ann breathnú ar na Pleananna agus Mionsonraí ar thaispeántas feistithe ar an suíomh le linn na ndátaí thuasluaite agus lena n-iniúchadh ar líne: https://consultation.dublincity.ie nó ar shuíomh gréasáin na Comhairle Cathrach www.dublincity.ie

Is féidir aighneacht nó tuairim maidir leis an bhforbairt a bheartaítear, a bhaineann le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair ina mbeadh an fhorbairt suite, a dhéanamh i scríbhinn le: **An Bainisteoir Feidhmiúcháin, An Roinn Pleanála agus Forbartha Maoine, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, faoi 16.30 ar an 3 Iúil 2024**

Is féidir aighneachtaí nó tuairimí a chur isteach ar líne https://consultation.dublincity.ie ar shuíomh gréasáin na Comhairle Cathrach www.dublincity.ie roimh 23.59 a chlog ar an *3 Iúil.*